BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Chéad Dlísheomra Méadaithe)

23 Iúil 2025 *

(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin – Reo cistí – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar an liosta – Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145/CBES – Earráid mheasúnaithe – Cearta na cosanta – Comhréireacht)

I gCás T-1095/23,

OT, dá ndéanann J.-P. Hordies agus P. Blanchetier, Dlíodóirí, ionadaíocht,

iarratasóir,

v

Comhairle an Aontais Eorpaigh, dá ndéanann V. Piessevaux agus M.-C. Cadilhac, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Chéad Dlísheomra Méadaithe),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: R. Mastroianni, Uachtarán, M. Brkan (Rapóirtéir), I. Gâlea, T. Tóth agus S. L. Kalėda, Breithiúna,

Cláraitheoir: P. Núñez Ruiz, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn, go háirithe:

– an t-iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 21 Samhain 2023,

– cinneadh an 28 Feabhra 2024 lena ndeonaítear iarraidh an iarratasóra ar anaithnideacht,

– an ráiteas modhnaithe a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 18 Bealtaine 2024,

tar éis éisteacht an 26 Márta 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

Breithiúnas

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, OT, go gcuirfí ar neamhní, ar an gcéad dul síos, Cinneadh (CBES) 2023/1767 ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2023 L 226, lch. 104), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1765 ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2023 L 226, lch. 3) ('gníomhartha Mheán Fómhair 2023'), agus, ar an dara dul síos, Cinneadh (CBES) 2024/847 ón gComhairle an 12 Márta 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L, 2024/847), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/849 ón gComhairle an 12 Márta 2024 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L, 2024/849) ('gníomhartha Mhárta 2024'), a mhéid a choinnítear a ainm ar na liostaí a ghabhann leis na gníomhartha sin (le chéile, 'na gníomhartha atá faoi chonspóid').

I. Cúlra na díospóide

2 Is náisiúnach de chuid na Cipire é an t-iarratasóir.

3 Tagann an cás seo chun cinn i gcomhthéacs na mbeart sriantach arna nglacadh ag an Aontas Eorpach i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

4 Tar éis do Chónaidhm na Rúise an Chrimé a ionghabháil, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh, an 17 Márta 2014, Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 16) ar bhonn Airteagal 29 CAE.

5 An dáta céanna, ghlac an Chomhairle, ar bhonn Airteagal 215(2) CFAE, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 6).

6 An 25 Feabhra 2022, i bhfianaise thromchúis na staide san Úcráin, ghlac an Chomhairle, ar thaobh amháin, Cinneadh (CBES) 2022/329 lena leasaítear Cinneadh 2014/145 (IO 2022 L 50, lch. 1) agus, ar an taobh eile, Rialachán (AE) 2022/330 lena leasaítear Rialachán Uimh. 269/2014 (IO 2022 L 51, lch. 1), chun, *inter alia*, leasú a dhéanamh ar na critéir faoina bhféadfaí daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a chur faoi réir na mbeart sriantach atá i gceist.

7 Foráiltear le hAirteagal 2(1) agus (2) de Chinneadh 2014/145, arna leasú le Cinneadh 2022/329:

‘1. Maidir leis na cistí, agus na hacmhainní eacnamaíocha uile, ar leis na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí seo a leanas iad, nó atá faoina n-úinéireacht nó atá ina seilbh nó á rialú acu:

[…]

(d) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag tacú le lucht déanta cinntí na Rúise, ar bhonn ábhartha nó airgeadais, lucht atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, nó a bhaineann tairbhe as an lucht sin, nó baill teaghlaigh an luchta sin;

[…]

(g) príomhdhaoine gnó nó príomhdhaoine dlítheanacha, príomheintitis nó príomhchomhlachtaí a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine;

[…]

déanfar iad a reo.

2. Ní chuirfear aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d’eintitis ná do chomhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn, ná ní chuirfear chun sochair dóibh iad.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir leis an reo cistí sin sna míreanna leantacha d’Airteagal 2 de Chinneadh 2014/145, arna leasú.

9 Ceanglaítear le Rialachán Uimh. 269/2014, sa leagan arna leasú le Rialachán 2022/330, bearta reoite cistí a ghlacadh agus leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir leis an reo sin i dtéarmaí atá comhionann, go bunúsach, leo siúd atá i gCinneadh 2014/145, arna leasú. Go háirithe, rinneadh Airteagal 3(1)(a) go (g) den Rialachán sin, a atáirgeadh go bunúsach in Airteagal 2(1)(a) go (g) den Chinneadh sin.

10 Le Cinneadh (CBES) 2022/429 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145 (IO 2022 L 87I, lch. 44) agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/427 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán Uimh. 269/2014 (IO 2022 L 87I, lch. 1) (‘na gníomhartha tosaigh’), cuireadh ainm an iarratasóra leis na liostaí a ghabhann le Cinneadh 2014/145 agus leis an Rialachán sin (‘na liostaí atá i gceist’).

11 An 13 Aibreán 2022, sheol an Chomhairle comhad WK 3073/2022 INIT chuig an iarratasóir.

12 Le Cinneadh (CBES) 2022/1530 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145 (IO 2022 L 239, lch. 149) agus le Cinneadh (CBES) 2023/572 ón gComhairle an 13 Márta 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/145 (IO 2023 L 75 I, lch. 134) agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1529 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 lena gcuirtear

chun feidhme Rialachán Uimh. 269/2014 (IO 2022 L 239, lch. 1) agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/571 ón gComhairle an 13 Márta 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán Uimh. 269/2014 (IO 2023 L 75 I, lch. 1), choinnigh an Chomhairle ainm an iarratasóra ar na liostaí atá i gceist.

13 Le litir dar dáta an 22 Nollaig 2022, sheol an Chomhairle comhad WK 17621/2022 INIT chuig an iarratasóir.

14 Le litir dar dáta an 9 Bealtaine 2023, chuir an t-iarratasóir iarraidh ar athbhreithniú ar aghaidh chuig an gComhairle.

15 An 5 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1094 lena leasaítear Cinneadh 2014/145 (IO 2023 L 146, lch. 20) agus Rialachán (AE) 2023/1089 lena leasaítear Rialachán Uimh. 269/2014 (IO 2023 L 146, lch. 1).

16 Le Cinneadh 2023/1094, leasaíodh na critéir chun ainmneacha na ndaoine atá faoi réir reo na gcistí a liostú. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145:

> ‘(g) príomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa Rúis agus a ngarghaolta, nó daoine nádúrtha eile, a mbaineann tairbhe astu, nó príomhdhaoine gnó, príomhdhaoine dlítheanacha, príomheintitis nó príomhchomhlachtaí atá a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine […]’

17 Rinneadh Rialachán Uimh. 269/2014 a leasú ar an gcaoi chéanna le Rialachán 2023/1089.

18 Le litir dar dáta an 19 Meitheamh 2023, chuir an Chomhairle in iúl don iarratasóir go raibh sé beartaithe aici a ainm a choinneáil ar na liostaí atá i gceist ar bhonn forais mhodhnaithe.

19 Le litir dár dáta an 29 Meitheamh 2023, chuir an t-iarratasóir iarraidh nua ar athbhreithniú ar aghaidh chuig an gComhairle.

20 Le litir dar dáta an 5 Iúil 2023, rinne an t-iarratasóir, ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO 2001 L 145, lch. 43), iarraidh ar rochtain ar chomhad na Comhairle chun na doiciméid lena sainaithnítear na Ballstáit a thionscain an togra chun a ainm a liostú ar na liostaí atá i gceist a fháil.

21 Le litir dar dáta an 10 Iúil 2023, sheol an Chomhairle comhad WK 5142/2023 INIT an 20 Aibreán 2023 chuig an iarratasóir, ina raibh faisnéis maidir le timpeallacht ghnó agus geilleagar na Rúise.

22 Le litir dar dáta an 18 Lúnasa 2023, sheol an Chomhairle comhad WK 10555/2023 INIT an 14 Lúnasa 2023 agus comhad WK 5142/2023 ADD 1 an 16 Lúnasa 2023 chuig an iarratasóir, ina raibh faisnéis bhreise maidir le timpeallacht ghnó agus geilleagar na Rúise.

23 Le litir dar dáta an 28 Lúnasa 2023, mar fhreagairt ar an iarraidh ar rochtain ar an gcomhad faoi Rialachán Uimh. 1049/2001, chuir an Chomhairle doiciméid áirithe ar fáil don iarratasóir agus luaigh sí nach bhféadfaí doiciméid áirithe eile a chur ar fáil mar gheall ar chosaint sonraí pearsanta agus caidreamh idirnáisiúnta, go háirithe i gcás chomhaid WK 10524/2023 an 9 Lúnasa 2023 agus WK 10524/2023 REV 1 an 10 Lúnasa 2023.

24 Le litir dar dáta an 29 Lúnasa 2023, rinne an t-iarratasóir iarraidh nua ar athbhreithniú lenar iarr sé freisin go dtarchuirfear comhad WK 10524/23 REV1, dá dtagraítear i litir ón gComhairle an 18 Lúnasa 2023, ach nár seoladh dó leis an litir sin.

25 Le litir dar dáta an 1 Meán Fómhair 2023, rinne an t-iarratasóir, ar bhonn Rialachán Uimh. 1049/2001, iarratas dearbhúcháin ar rochtain ar dhoiciméid.

26 Le glacadh ghníomhartha Mheán Fómhair 2023, coinníodh ainm an iarratasóra ar na liostaí atá i gceist ar na forais seo a leanas:

‘[Tá [an t-iarratasóir] ar cheann de na scairshealbhóirí is mó] i gcuibhreannas Alfa Group […], lena n-áirítear Alfa Bank, ar ceann de na cáiníocóirí is mó sa Rúis é. Creidtear gur duine de na daoine is mó tionchar sa Rúis é. Tá naisc sheanbhunaithe le huachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin aige. Thug Vladimir Putin luach saothair do dhílseacht Alfa Group d’údaráis na Rúise trí chabhair pholaitiúil a thabhairt do phleananna infheistíochta coigríche Alfa Group.

Soláthraíonn an chuideachta árachais AlfaStrakhovanie, fochuideachta [de chuibhreannas] Alfa Group […], árachas d’fheithiclí Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia), a n-oibríonn a n-aonaid sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin atá faoi rialú na Rúise, chomh maith le feithiclí a úsáideann gardaí cosanta Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Thairis sin, comhoibríonn X5 Retail Group, fochuideachta eile de [chuibhreannas] Alfa Group […], le JSC Voentorg, eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a sholáthraíonn seirbhísí lónadóireachta agus níocháin, chomh maith le héidí míleata d’fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise agus a ndíolann a bhfochuideachta t-léinte a bhfuil an tsiombail mhíleata “Z” orthu atá in úsáid ag lucht bolscaireachta na Rúise chun cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go gníomhach, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le cinnteoirí na Rúise, an dream céanna a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé nó díchobhsú na hÚcráine, agus tairbhíonn sé de. Is duine mór gnó Rúiseach é chomh maith atá ag feidhmiú sa Rúis agus atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.’

27 Le litir dar dáta an 15 Meán Fómhair 2023, chuir an Chomhairle in iúl don iarratasóir go raibh a ainm á choinneáil ar na liostaí atá i gceist agus thug sí freagra ar a iarrataí ar athbhreithniú.

28 Le litir dar dáta an 23 Deireadh Fómhair 2023, mar fhreagairt ar iarratas dearbhúcháin an iarratasóra, chuir an Chomhairle doiciméid áirithe ar fáil dó agus luaigh sí gur diúltaíodh rochtain ar dhoiciméid eile, go háirithe comhaid WK 10524/2023 agus WK 10524/2023 REV 1, ar bhonn an tríú fleasc d’Airteagal 4(1)(a) agus Airteagal 4(1)(b) de Rialachán Uimh. 1049/2001.

29 Le litir dar dáta an 26 Deireadh Fómhair 2023, sheol an Chomhairle comhad WK 10524/2023 REV 1 chuig an iarratasóir.

30 Tionscnaíodh caingean le haghaidh neamhniú i gcoinne ghníomhartha an 15 Márta 2022 dá dtagraítear i mír 10 thuas agus ghníomhartha an 14 Meán Fómhair 2022 dá dtagraítear i mír 12 thuas, arna díbhe le breithiúnas an 15 Samhain 2023, *OT* v *an Chomhairle* (T-193/22, EU:T:2023:716).

II. Fíorais i ndiaidh thionscnamh na caingne

31 Le litir dar dáta an 8 Feabhra 2024, chuir an Chomhairle in iúl don iarratasóir go raibh sé beartaithe aici a ainm a choinneáil ar na liostaí atá i gceist agus sheol sí comhad WK 1303/2024 INIT an 29 Eanáir 2024 agus comhad WK 5142/2023 ADD 2 an 29 Eanáir 2024 chuige, ina raibh faisnéis bhreise maidir le timpeallacht ghnó agus geilleagar na Rúise.

32 Le litir dar dáta an 18 Feabhra 2024, d'iarr an t-iarratasóir ar an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil a ainm ar na liostaí atá i gceist.

33 Le litir dar dáta an 21 Feabhra 2024, mheabhraigh an Chomhairle don iarratasóir go raibh sé beartaithe aici a ainm a choinneáil ar na liostaí atá i gceist.

34 Le litir dar dáta an 27 Feabhra 2024, d'iarr an t-iarratasóir ar an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil a ainm ar na liostaí atá i gceist.

35 Le gníomhartha Mhárta 2024, coinníodh ainm an iarratasóra ar na liostaí atá i gceist ar na forais seo a leanas:

'Is scairshealbhóir mór de [chuibhreannas] Alfa Group […] é [an t-iarratasóir]. Tá sé i measc na ndaoine is mó tionchar sa Rúis. Thug Vladimir Putin luach saothair do dhílseacht Alfa Group d'údaráis na Rúise trí chabhair pholaitiúil a thabhairt do phleananna infheistíochta coigríche Alfa Group.

Soláthraíonn an chuideachta árachais AlfaStrakhovanie, fochuideachta [de chuibhreannas] Alfa Group […], árachas d'fheithiclí Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia), a n-oibríonn a n-aonaid sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin atá faoi rialú na Rúise, chomh maith le feithiclí a úsáideann gardaí cosanta Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin.

Chuir AlfaStrakhovanie árachas ar fáil do chuideachtaí amhail JSC Kalashnikov Concern agus Central Scientific – Research Institute for Precision Machine Engineering (TsNIITochMash), a bhfuil a n-airm á n úsáid go forleathan ag míleata na Rúise san Úcráin, lena n-áirítear le linn na n-ainghníomhartha in Bucha.

Thairis sin, comhoibríonn X5 Retail Group, fochuideachta eile de [chuibhreannas] Alfa Group […], le JSC Voentorg, eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a sholáthraíonn seirbhísí lónadóireachta agus níocháin, chomh maith le héidí míleata d'fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise agus a ndíolann a bhfochuideachta t-léinte a bhfuil an tsiombail mhíleata "Z" orthu atá in úsáid ag lucht bolscaireachta na Rúise chun cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go gníomhach, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le cinnteoirí na Rúise, an dream céanna a bhí freagrach as ionghabháil na Crimé nó díchobhsú na hÚcráine, agus tairbhíonn sé de.

Is duine mór gnó Rúiseach é chomh maith atá ag feidhmiú sa Rúis agus atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.'

36 Le litir dar dáta an 15 Márta 2024, chuir an Chomhairle in iúl don iarratasóir go raibh a ainm á choinneáil ar na liostaí atá i gceist agus thug sí freagra ar a iarrataí ar athbhreithniú.

37 Le litir dar dáta an 10 Aibreán 2024, tar éis breithiúnais an 10 Aibreán 2024, *Aven* v *an Chomhairle* (T-301/22, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:214) agus an 10 Aibreán 2024, *Fridman* v an *Chomhairle*, (T-304/22, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:215) a thabhairt, chuir an t-iarratasóir iarraidh ar athbhreithniú faoi bhráid na Cúirte.

38 Tionscnaíodh caingean le haghaidh neamhniú i gcoinne ghníomhartha an 13 Márta 2023 dá dtagraítear i mír 12 thuas, arna díbhe le breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2024, *OT* v *an Chomhairle* (T-286/23, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:606).

III. An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe

39 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– na gníomhartha atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann siad leis;

– a ordú don Chomhairle a ainm a bhaint de na liostaí atá i gceist;

– a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

40 Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

IV. An dlí lena mbaineann

A. Dlínse na Cúirte Ginearálta dara cuntar éilimh an iarratasóra a éisteacht

41 Lena dhara cuntar éilimh, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta a ordú don Chomhairle a ainm a bhaint de na liostaí atá i gceist. Dá bhrí sin, leis an gcuntar éilimh sin, iarrann sé, go bunúsach, ar an gCúirt Ghinearálta ordachán a thabhairt don Chomhairle.

42 I ndáil leis sin, is leor a thabhairt chun cuimhne, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar dhlíthiúlacht bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, nach bhfuil dlínse ag an gCúirt Ghinearálta ordacháin a eisiúint i gcoinne institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais (féach ordú an 26 Deireadh Fómhair 1995, *Pevasa agus Inpesca* v *an Coimisiún*, C-199/94 P agus C-200/94 P, EU:C:1995:360, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear; féach freisin, chuige sin, breithiúnais an 9 Meitheamh 2021, *Borborudi* v *an Chomhairle*, T-580/19, EU:T:2021:330, mír 34 (nár foilsíodh), agus an 8 Márta 2023, *Prigozhina* v *an Chomhairle*, T-212/22, nár foilsíodh, EU:T:2023:104, mír 19 agus an cásdlí dá dtagraítear freisin), fiú i gcás go mbaineann siad leis an gcaoi a bhfuil

breithiúnais na Cúirte sin le comhlíonadh (orduithe an 22 Meán Fómhair 2016, *Gaki* v *an Coimisiún*, C-130/16 P, nár foilsíodh, EU:C:2016:731, mír 14 agus an 19 Iúil 2016, *Trajektna luka Split* v *an Coimisiún*, T-169/16, nár foilsíodh, EU:T:2016:441, mír 13).

43 Leanann sé, i gcomhthéacs caingean arna tionscnamh ar bhonn Airteagal 263 CFAE, fiú i gcás neamhniú gníomhartha lena nglactar nó lena gcoinnítear bearta sriantacha ar bun i leith duine nádúrtha, duine dlítheanach, eintitis nó comhlachta, nach bhfuil dlínse ag an gCúirt Ghinearálta a ordú go mbainfear ainm an duine nádúrtha, an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin de na liostaí atá i gceist.

44 Leanann sé ó na breithnithe roimhe seo nach mór an dara cuntar éilimh a dhíbhe ar fhoras easpa dlínse.

B. Substaint

45 Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, earráid mheasúnaithe, ar an dara dul síos, sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus, ar an tríú dul síos, sárú ar chearta na cosanta agus ar an gceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil.

46 Measann an Chúirt Ghinearálta gurb iomchuí scrúdú a dhéanamh ar an tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar chearta na cosanta agus ar an gceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil ar dtús, ina dhiaidh sin, ar an gcéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid mheasúnaithe agus, ar deireadh, ar an dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta.

1. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar chearta na cosanta agus ar an gceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil

47 Is iomchuí scrúdú a dhéanamh, sa chéad áit, ar argóintí an iarratasóra a bhaineann le gníomhartha Mheán Fómhair 2023, agus, sa dara háit, ar argóintí a bhaineann le gníomhartha Mhárta 2024.

(a) Gníomhartha Mheán Fómhair 2023

48 Measann an t-iarratasóir gur sáraíodh a chearta cosanta agus a cheart chun imeachtaí breithiúnacha éifeachtacha a fháil ar an bhforas nár sheol an Chomhairle fianaise áirithe chuige, cé gur iarradh an fhianaise sin i gcomhthéacs iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid.

49 Thairis sin, maíonn an t-iarratasóir gur theip ar an gComhairle na hargóintí a leagtar amach ina iarrataí ar athbhreithniú a chur san áireamh, gur theip uirthi freagraí indibhidiúil a thabhairt ar na hiarrataí sin, gur sheol sí comhad neamhiomlán seachas comhad daingean fianaise chuige agus gur dhiúltaigh sí éisteacht a dheonú dó.

50 Maíonn an t-iarratasóir gur thug an Chomhairle neamhaird ar an bhfíoras nár leor an fhianaise a tugadh ar aird chun bunús a thabhairt leis na forais a rabhthas ag brath orthu ina choinne chun údar a thabhairt lena ainm a choinneáil ar na liostaí atá i gceist.

51 Cuireann an Chomhairle i gcoinne argóintí an iarratasóra.

52 I ndáil leis sin, sa chéad áit, ba cheart a mheabhrú go ráthaíonn an ceart chun éisteacht a fháil sna himeachtaí uile, dá bhforáiltear in Airteagal 41(2)(a) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), atá ina dhlúthchuid den urraim do chearta na cosanta, an deis do gach duine a thuairimí a chur in iúl go héifeachtach le linn nós imeachta riaracháin agus sula ndéantar aon chinneadh a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá leasanna ina leith (breithiúnais an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, mír 75 agus an 15 Samhain 2023, *OT* v *an Chomhairle*, T-193/22, EU:T:2023:716, mír 79).

53 Ba cheart a mheabhrú freisin, i gcás gníomhartha lena gcoinnítear ainm duine nó eintitis atá ar na liostaí lena bhforchuirtear bearta sriantacha cheana féin, nach bhfuil gá a thuilleadh le héifeacht iontais chun éifeachtacht na mbeart sin a áirithiú, agus mar thoradh air sin nach mór gníomhartha den sórt sin a ghlacadh, i bprionsabal, roimh an bhfianaise inchoiritheach a chur in iúl agus trí dheis a thabhairt don duine nó don eintiteas lena mbaineann éisteacht a fháil (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Nollaig 2011, *an Fhrainc* v *People's Mojahedin Organization of Iran*, C-27/09 P, EU:C:2011:853, mír 62; an 1 Deireadh Fómhair 2020, *Makhlouf* v *an Chomhairle*, C-157/19 P, nár foilsíodh, EU:C:2020:777, mír 44; agus an 18 Bealtaine 2022, *Foz* v *an Chomhairle*, T-296/20, EU:T:2022:298, mír 66 (nár foilsíodh)).

54 Ina theannta sin, áirítear le hurraim do chearta na cosanta freisin an ceart chun rochtain a fháil ar an gcomhad, agus leasanna dlisteanacha rúndachta á n-urramú ag an am céanna, a chumhdaítear in Airteagal 41(2)(b) den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Kadi*, C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 99, agus an 12 Meitheamh 2024, *Shammout* v *an Chomhairle*, T-649/22, nár foilsíodh, EU:T:2024:376, mír 36).

55 I ndáil leis sin, chuir an Chúirt in iúl go soiléir go bhfuil gné na cosanta a thugtar leis an gceanglas maidir le fianaise inchoiritheach a chur in iúl agus an ceart chun barúlacha a thíolacadh sula nglacfar gníomhartha lena gcoinnítear ainm duine nó eintitis ar liosta daoine nó eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha, bunúsach agus fíor-riachtanach do chearta na cosanta. Is amhlaidh atá go háirithe ós rud é go bhfuil tionchar suntasach ag na bearta sriantacha atá i gceist ar chearta agus ar shaoirsí na ndaoine agus na ngrúpaí atá faoina réir (breithiúnais an 21 Nollaig 2011, *an Fhrainc* v *People's Mojahedin Organization of Iran*, C-27/09 P, EU:C:2011:853, mír 64, agus an 18 Bealtaine 2022, *Foz* v *an Chomhairle*, T-296/20, EU:T:2022:298, mír 67 (nár foilsíodh)).

56 Is é is aidhm don riail nach mór seolaí cinnidh a dhéanann difear díobhálach dó a bheith in ann a bharúlacha a thíolacadh sula nglacfar an cinneadh sin chun cur ar chumas an údaráis lena mbaineann an fhaisnéis ábhartha uile a chur san áireamh go héifeachtach. D'fhonn cosaint éifeachtach a áirithiú don seolaí sin, is é is cuspóir don riail sin, go háirithe, a chur ar a chumas earráid a cheartú nó faisnéis den sórt sin a bhaineann lena staid phearsanta a thabhairt ar aird agus a thacaíonn leis an gcinneadh atá á ghlacadh, nach bhfuil á ghlacadh nó a bhfuil ábhar sonrach ann nó nach bhfuil ann (breithiúnais an 21 Nollaig 2011, *an Fhrainc* v *People's Mojahedin Organization of Iran*, C-27/09 P, EU:C:2011:853, mír 65, agus an 24 Samhain 2021, *Aman Dimashq* v *an Chomhairle*, T-259/19, EU:T:2021:821, mír 69).

57 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara gur leasaíodh go páirteach na forais le liostú i ngníomhartha Mheán Fómhair 2023 i ndáil leis na forais sna gníomhartha roimhe sin, agus an foras á choinneáil gur ceann de na 'scairshealbhóirí is mó' i gcuibhreannas Alfa Group é an t-iarratasóir, frása a chomhfhreagraíonn, go bunúsach, do 'm[h]ór-scairshealbhóir' i bhforais na ngníomhartha tosaigh nó 'scairshealbhóir mór' atá liostaithe i ngníomhartha an 13 Márta 2023 dá dtagraítear i mír 12 thuas. I ngníomhartha Mheán Fómhair 2023, chuir an Chomhairle na

forálacha a leagtar síos in Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145, arna leasú le Cinneadh 2023/1094, i bhfeidhm maidir leis an iarratasóir, eadhon na forálacha sin a bhaineann le 'príomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa Rúis' ('an chéad chuid de chritéar (g) arna leasú') agus iad siúd a bhaineann le 'príomhdhaoine gnó [...] a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise', ('an tríú cuid de chritéar (g) arna leasú').

58 Ba cheart a thabhairt faoi deara, le litir dar dáta an 19 Meitheamh 2023, gur chuir an Chomhairle in iúl don iarratasóir go raibh sé beartaithe aici a ainm a choinneáil ar na liostaí atá i gceist ar bhonn dréachtfhorais mhodhnaithe. Ina dhiaidh sin, le litir dar dáta an 18 Lúnasa 2023, dheimhnigh an Chomhairle don iarratasóir go raibh sé beartaithe aici a ainm a choinneáil ar na liostaí atá i gceist ar bhonn dréachtfhorais mhodhnaithe. Leis an litir dheireanach sin, chuir sí in iúl don iarratasóir go raibh sí ag seoladh chomhad WK 10524/2023 REV 1 an 10 Lúnasa 2023, comhad WK 10555/2023 INIT ina raibh faisnéis a bhaineann lena staid phearsanta agus comhad WK 5142/23 ADD 1 ina raibh faisnéis bhreise maidir le timpeallacht ghnó agus geilleagar na Rúise chuige i gceangal leis an litir.

59 Le litir dar dáta an 29 Lúnasa 2023, a seoladh chuig Roinn Caidrimh Sheachtraigh na Comhairle atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta sriantacha, chuir an t-iarratasóir in iúl dó nár seoladh comhad WK 10524/2023 REV 1 chuige agus d'iarr sé go dtarchuirfear é chuige a luaithe is féidir.

60 Ba cheart a thabhairt faoi deara, ag féachaint go háirithe do na freagraí a tugadh ag an éisteacht, nár léirigh an Chomhairle gur seoladh comhad WK 10524/2023 REV 1 chuig an iarratasóir sular glacadh gníomhartha Mheán Fómhair 2023. Dá bhrí sin, i bhfianaise na fianaise sa chomhad, ní mór a mheas nár seoladh an comhad sin chuig an iarratasóir go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2023, is é sin le rá, níos mó ná mí amháin tar éis an ghlactha sin.

61 Dá bhrí sin, trí mhainneachtain comhad WK 10524/2023 REV 1 a sheoladh chuig an iarratasóir sular glacadh gníomhartha Mheán Fómhair 2023, sháraigh an Chomhairle cearta cosanta an iarratasóra, go háirithe a cheart chun éisteacht a fháil agus a cheart chun rochtain a fháil ar an gcomhad, a ráthaítear le hAirteagal 41(2)(a) agus (b) den Chairt.

62 Mar sin féin, ní mór a mheabhrú gur léir ó chásdlí socair, chun go gcuirfí an beart atá faoi chonspóid ar neamhní mar thoradh ar shárú ar chearta na cosanta, gur gá, in éagmais na neamhrialtachta sin, go bhféadfadh toradh difriúil a bheith ar an nós imeachta, rud atá faoin duine a éilíonn sárú den sórt sin a léiriú (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, *Vnesheconombank* v *an Chomhairle*, C-731/18 P, nár foilsíodh, EU:C:2020:500, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear).

63 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara, san iarratas agus sa fhreagra, nár mhínigh an t-iarratasóir na cúiseanna go bhféadfadh toradh difriúil a bheith ar an nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta a bhaineann leis, dá seolfaí comhad WK 10524/2023 REV 1 chuige sular glacadh gníomhartha Mheán Fómhair 2023. Ní bhaineann argóint an iarratasóra go sonrach le hiarmhairtí na mainneachtana an comhad sin a sheoladh le linn an nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta a bhaineann leis, ach féachtar leis, go bunúsach, agóid a dhéanamh i gcoinne na litreach ó sheirbhís na Comhairle atá freagrach as rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid na n-institiúidí an 23 Deireadh Fómhair 2023, lenar diúltaíodh rochtain ar dhoiciméid áirithe ar bhonn an tríú fleasc d'Airteagal 4(1)(a) agus Airteagal 4(1)(b) de Rialachán Uimh. 1049/2001.

64 Ina theannta sin, ní mór a mheabhrú, mar is léir ó mhíreanna 54 go 56 thuas, gurb é cuspóir an chirt chun rochtain a fháil ar chomhad duine nó eintitis atá faoi réir bearta sriantacha ná a chur ar chumas an duine nó an eintitis sin barúlacha a thíolacadh ar an bhfianaise a bhfuiltear ag brath orthu ina choinne. Leanann sé go bhfuil ceart den sórt sin teoranta go docht don duine nó don eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha d'fhonn a chosaint a áirithiú i gcomhthéacs an nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta arna nglacadh ina choinne. Sa chás seo, déanann an t-iarratasóir gearán, *inter alia*, nár sheol an Chomhairle an comhad le tagairt WK 10524/2023 INIT chuige, eadhon leagan níos luaithe de chomhad WK 10524/2023 REV 1. Ní féidir go n-éireoidh leis an argóint sin ós rud é nár bhraith an Chomhairle ar chomhad WK 10524/2023 INIT chun údar a thabhairt le hainm an iarratasóra a choinneáil ar na liostaí atá i gceist i mí Mheán Fómhair 2023.

65 Chun údar a thabhairt le hainm an iarratasóra a choinneáil ar na liostaí atá i gceist i mí Mheán Fómhair 2023, bhraith an Chomhairle, *inter alia*, ar chomhaid WK 3073/2022 INIT an 12 Márta 2022 agus WK 17621/2022 INIT an 14 Nollaig 2022, a seoladh chuig an iarratasóir tar éis ghlacadh ghníomhartha an 15 Márta 2022 dá dtagraítear i mír 10 thuas agus i gcomhthéacs an nós imeachta athbhreithnithe as ar eascair glacadh ghníomhartha an 13 Márta 2023 dá dtagraítear i mír 12 thuas. Bhraith sí freisin ar chomhaid WK 10555/2023 INIT an 14 Lúnasa 2023 agus WK 10524/2023 REV 1. Cé nár seoladh an comhad deireanach sin chuig an iarratasóir go dtí tar éis ghlacadh ghníomhartha Mheán Fómhair 2023, ní mór a lua, mar sin féin, nár mhínigh an t-iarratasóir, ina phléadálacha i scríbhinn, conas nach bhféadfaí a chur as an áireamh go bhféadfadh toradh an nós imeachta athbhreithnithe a bheith difriúil dá seolfaí comhad den sórt sin chuige sular glacadh na gníomhartha sin. Ar an gcaoi chéanna, nuair a ceistíodh an pointe sin ag an éisteacht, níor luaigh an t-iarratasóir ach go hachoimre go bhféadfadh sé barúlacha ar na doiciméid sa chomhad atá i gceist a thíolacadh ach níor thug sé míniú ar an gcaoi a bhféadfadh toradh difriúil a bheith ar chur san áireamh na mbarúlacha sin.

66 Dá bhrí sin, i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i mír 62 thuas, ní mór a mheas nach bhfuil neamhniú ghníomhartha Mheán Fómhair 2023 i gceist leis an sárú ar an gceart chun rochtain a fháil ar an gcomhad agus ar an gceart chun éisteacht a fháil.

67 Maidir le hargóintí an iarratasóra maidir le diúltú doiciméid áirithe a sheoladh chuige a bhaineann lena ainm a liostú agus a choinneáil ar na liostaí atá i gceist, go háirithe an fhaisnéis a bhaineann leis na Ballstáit a mhol go nglacfaí bearta sriantacha ina choinne, a chuir roinn na Comhairle atá freagrach as rochtain phoiblí ar dhoiciméid chuige ar bhonn Rialachán Uimh. 1049/2001, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir, ar thaobh amháin, na rialacha a bhaineann leis an gceart chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid atá i seilbh na n-institiúidí a leagtar síos le Rialachán Uimh. 1049/2001 agus, ar an taobh eile, urraim do chearta na cosanta, a chumhdaítear in Airteagal 41(2) den Chairt, lena n-áirítear an ceart chun éisteacht a fháil agus an chun rochtain a fháil ar an gcomhad, agus leasanna dlisteanacha rúndachta á n-urramú ag an am céanna. Tá difríocht shuntasach idir tairbhithe agus cuspóirí an chirt chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid na n-institiúidí ar bhonn Rialachán Uimh. 1049/2001 agus tairbhithe agus cuspóir an chirt chun rochtain a fháil ar an gcomhad i gcomhthéacs nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta sriantacha a chuirtear i bhfeidhm maidir le duine atá faoi réir na mbeart sin.

68 I gcomhréir le haithris 1 de, léirítear le Rialachán Uimh. 1049/2001 an mhian a chuirtear in iúl sa dara mír d'Airteagal 1 CAE go nglacfar cinntí ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar do na saoránaigh agus is féidir. Mar a luaitear sa dara haithris den Rialachán sin, baineann an ceart chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid na n-institiúidí sin le cineál

daonlathach na n-institiúidí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Iúil 2008, *an tSualainn agus Turco* v *an Chomhairle*, C-39/05 P agus C-52/05 P, EU:C:2008:374, mír 34). Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, faoi Airteagal 2(1) den Rialachán sin, beidh gach saoránach den Aontas nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát ina dtairbhithe den cheart chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid na n-institiúidí. Leanann sé go bhfuil sé beartaithe leis an Rialachán sin rochtain ar dhoiciméid phoiblí a ráthú do chách agus nach féidir é a theorannú do rochtain an iarratasóra ar dhoiciméid a bhaineann leis (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Aibreán 2005, *Sison* v *an Chomhairle*, T-110/03, T-150/03 agus T-405/03, EU:T:2005:143, mír 50). I gcomhréir le hAirteagal 6(1) den Rialachán sin, ní cheanglaítear ar an iarratasóir aon leas a léiriú maidir le rochtain a fháil ar na doiciméid arna n-iarraidh, agus mar thoradh air sin ní mór scrúdú a dhéanamh ar a iarratas ar an mbealach céanna le hiarratas ó aon duine eile (breithiúnais an 6 Iúil 2006, *Franchet agus Byk* v *an Coimisiún*, T-391/03 agus T-70/04, EU:T:2006:190, mír 82, agus an 20 Nollaig 2023, *OCU* v *BRA*, T-496/18, nár foilsíodh, EU:T:2023:857, mír 43). Thairis sin, ní mór a mheabhrú nach féidir an leas ar leith a d'fhéadfadh iarratasóir a éileamh maidir le rochtain a fháil ar dhoiciméad a bhaineann leis go pearsanta a chur san áireamh i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na n-eisceachtaí éigeantacha dá bhforáiltear in Airteagal 4(1)(a) den Rialachán sin (breithiúnas an 26 Aibreán 2005, *Sison* v *an Chomhairle*, T-110/03, T-150/03 agus T-405/03, EU:T:2005:143, mír 52).

69 Dá bhrí sin, a mhéid a fhéachann an t-iarratasóir agóid a dhéanamh i gcoinne na fírice gur dhiúltaigh an Chomhairle go míchuí dó rochtain a fháil ar dhoiciméid áirithe, le cinneadh an 23 Deireadh Fómhair 2023 a glacadh de bhun Rialachán Uimh. 1049/2001, is leor a thabhairt faoi deara nach n-iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh sin ar neamhní ina gcuntar éilimh.

70 Sa dara háit, ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtugtar le forálacha dhlí an Aontais ar ar a mbonn a glacadh na bearta sriantacha i gcoinne an iarratasóra, eadhon Cinneadh 2014/145, arna leasú, agus Rialachán Uimh 269/2014, arna leasú, an ceart chun éisteacht fhoirmiúil a fháil do na daoine lena mbaineann. Ar an gcaoi chéanna, ní léir ach oiread ó Airteagal 41(2)(a) den Chairt gurb í an éisteacht fhoirmiúil an t-aon bhealach amháin chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an duine lena mbaineann a cheart chun éisteacht a fháil go héifeachtach (féach, chuige sin, breithiúnais an 12 Bealtaine 2022, *Boshab* v *an Chomhairle*, C-242/21 P, nár foilsíodh, EU:C:2022:375, mír 62, agus an 9 Feabhra 2023, *Boshab* v *an Chomhairle*, C-708/21 P, nár foilsíodh, EU:C:2023:84, mír 54). Leanann sé nach bhfuil údar maith ag an iarratasóir a mhaoímh gur sháraigh mainneachtain éisteacht ó bhéal a eagrú a chearta cosanta.

71 Sa tríú háit, ní mór argóint an iarratasóra gur theip ar an gComhairle na barúlacha a thíolaic sé a chur san áireamh agus gur theip uirthi freagraí indibhidiúil a thabhairt ar a iarrataí, a dhíbhe freisin. Cé is moite den fhíoras nach gceanglaítear ar an gComhairle freagra pointe ar phointe a thabhairt ar na barúlacha agus ar na doiciméid a tíolacadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Deireadh Fómhair 2008, *People's Mojahedin Organization of Iran* v *an Chomhairle*, T-256/07, EU:T:2008:461, mír 95), ní léiríonn an fíoras nár thug sí freagra ar na barúlacha agus na doiciméid go léir a thíolaic an t-iarratasóir nár cuireadh san áireamh iad i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar a staid. Thairis sin, is léir óna litir dar dáta an 15 Meán Fómhair 2023 gur thagair an Chomhairle do chosúlacht na n-argóintí ar a raibh an t-iarratasóir ag brath san iarraidh ar athbhreithniú agus sa chás as ar eascair breithiúnais an 15 Samhain 2023, *OT* v *an Chomhairle* (T-193/22, EU:T:2023:716), agus an 11 Meán Fómhair 2024, *OT* v *an Chomhairle* (T-286/23, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:606), agus gur thagair sí do na ráitis agus do na barúlacha a thaisc sé sa chás sin. Ina theannta sin, sa litir sin, thug sí freagra sainráite ar bharúlacha an iarratasóra maidir le cuideachta AlfaStrakhovanie.

72 Sa cheathrú háit, ba cheart a mheabhrú go gceanglaítear leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt go mbeidh an duine lena mbaineann in ann na forais ar a bhfuil an cinneadh a glacadh ina choinne bunaithe a fháil amach, tríd an gcinneadh féin a léamh nó trí na forais sin a chur in iúl arna iarraidh sin dó, gan dochar do chumhacht na cúirte a bhfuil dlínse aici a cheangal ar an údarás atá i gceist iad a chur in iúl, chun a chur ar a chumas a chearta a chosaint faoi na coinníollacha is fearr is féidir agus chun cinneadh a dhéanamh, agus láneolas aici ar na fíorais ábhartha, an bhfuil sé úsáideach an t-ábhar a tabhairt os comhair na cúirte a bhfuil dlínse aici, agus a chur ar a cumas athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chinnidh atá i gceist (breithiúnas an 18 Iúil 2013, *an Coimisiún agus páirtithe eile* v *Kadi*, C-584/10 P, C-593/10 P agus C-595/10 P, EU:C:2013:518, mír 100).

73 Sa chás seo, faoin 26 Deireadh Fómhair 2023 ar a dhéanaí, chuir an Chomhairle in iúl don iarratasóir an fhianaise uile ar ar bhraith sí d'fhonn gníomhartha Mheán Fómhair 2023 a ghlacadh, lena n-áirítear comhad WK 10524/2023 REV 1. Ní mór a mheas, dá bhrí sin, go raibh an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil don iarratasóir thart ar mhí amháin roimh dhul in éag na tréimhse chun caingean a thionscnamh chun agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht na ngníomhartha sin agus níos mó ná 3 seachtaine sular tugadh an chaingean iarbhír. In aon chás, níl aon éifeacht ag an bhfíric nár seoladh comhad fianaise ar ar a bhonn a chuir an Chomhairle síneadh le cur i bhfeidhm beart sriantach sula ndearnadh caingean a thionscnamh ar cheart an duine lena mbaineann chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil ar choinníoll go seoltar an comhad sin chuig an iarratasóir ionas gur féidir leis a thuairim a thabhairt air sa fhreagra (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Meitheamh 2024, *Shammout* v *an Chomhairle*, T-649/22, nár foilsíodh, EU:T:2024:376, míreanna 52 agus 53). Dá bhrí sin, tá an t-iarratasóir gan bhunús nuair a mhaíonn sé gur sháraigh an Chomhairle a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a rialaítear le hAirteagal 47 den Chairt trí chomhad WK 10524/2023 REV 1 a sheoladh tar éis ghlacadh ghníomhartha Mheán Fómhair 2023, ós rud é go raibh sé aige sular tionscnaíodh an chaingean chun agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht na ngníomhartha sin i gcomhthéacs na n-imeachtaí breithiúnacha seo.

74 Is léir ó na breithnithe roimhe seo nach mór an tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar chearta na cosanta agus ar an gceart chun imeachtaí breithiúnacha éifeachtacha a fháil, a dhíbhe a mhéid a fhéachann sí le hagóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht ghníomhartha Mheán Fómhair 2023.

(b) Gníomhartha Mhárta 2024

75 Maíonn an t-iarratasóir gur theip ar an gComhairle freagra a thabhairt ar a iarraidh ar athbhreithniú, tar éis breithiúnais an 10 Aibreán 2024, *Aven* v *an Chomhairle* (T-301/22, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:214), agus an 10 Aibreán 2024, *Fridman* v *an Chomhairle* (T-304/22, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:215) a thabhairt, lenar iarr sé a ainm a bhaint de na liostaí atá i gceist.

76 Cuireann an Chomhairle i gcoinne argóintí an iarratasóra.

77 I ndáil leis sin, is leor a thabhairt faoi deara go bhfuil argóint an iarratasóra lena n-éilítear sárú ar chearta na cosanta, bunaithe ar litir a seoladh chuig an gComhairle tar éis ghlacadh ghníomhartha Mhárta 2024, eadhon an 11 Aibreán 2024. De réir cásdlí socair, ní mór dlíthiúlacht gnímh de chuid an Aontais a mheasúnú ar bhonn na ngnéithe fíorais agus dlí a bhí ann tráth a glacadh an ghnímh (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Samhain 2021, *Aman Dimashq* v *an Chomhairle*, T-259/19,

EU:T:2021:821, mír 110 (nár foilsíodh) agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, ní féidir le mainneachtain na Comhairle freagra a thabhairt ar an litir sin amhras a chaitheamh ar dhlíthiúlacht ghníomhartha Mhárta 2024.

78 Dá réir sin, níor léirigh an t-iarratasóir sárú ar a chearta cosanta i gcomhthéacs an nós imeachta athbhreithnithe as ar eascair glacadh ghníomhartha Mhárta 2024.

79 Dá bhrí sin, ní mór an tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar chearta na cosanta agus ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, a dhíbhe ina n-iomláine.

2. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid mheasúnaithe

80 Maíonn an t-iarratasóir go ndearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe maidir lena ainm a choinneáil ar na liostaí atá i gceist trí ghníomhartha Mheán Fómhair 2023 agus Mhárta 2024 a ghlacadh.

81 Cuireann an Chomhairle i gcoinne argóintí an iarratasóra.

(a) Réamhbharúlacha

82 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú, cé gur fíor go bhfuil lánrogha áirithe ag an gComhairle cinneadh a dhéanamh ar bhonn cás ar chás cé go bhfuil na critéir dhlíthiúla ar a bhfuil na bearta sriantacha atá i gceist bunaithe á gcomhlíonadh, is amhlaidh fós nach mór do Chúirteanna an Aontais a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú, i bprionsabal, ar dhlíthiúlacht ghníomhartha uile an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Samhain 2023, *OT* v *an Chomhairle*, T-193/22, EU:T:2023:716, mír 121).

155 Leanann sé, in éagmais fianaise go gcomhlíonann sannadh airbheartaithe scairshealbha an iarratasóra in CTF Holdings forálacha dhlí an Aontais a bhaineann le bearta sriantacha, nó fianaise ar sannadh iarbhír gan forálacha conarthacha de chineál foirceanta, nach ndearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe agus í ag meas, tráth a glacadh gníomhartha Mheán Fómhair 2023, go raibh an t-iarratasóir ina scairshealbhóir den chuideachta sin.

156 Ar an dara dul síos, maidir le sannadh airbheartaithe a scairshealbh in ABH Holdings, áitíonn an t-iarratasóir gur tharla sé an lá roimh an dáta a liostaíodh a ainm ar na liostaí atá i gceist, eadhon an 14 Márta 2022.

157 Is fíor gur léir ó Fhoilseáin Uimh. 9, 19 agus 20 de chomhad WK 10524/2023 REV 1, ar ailt phreasa iad ina dtuairiscítear aistriú sócmhainní Rúiseacha atá i seilbh ABH Holdings chuig an Rúis ina líomhnaítear go bhfuil baint ag an iarratasóir leis, gur aistrigh an t-iarratasóir a scairshealbha sa chuideachta sin chuig [*faoi rún*] i mí an Mhárta 2022. Mar sin féin, níl aon léiriú sna hailt sin maidir leis an dáta sonrach ar tharla aistriú iarbhír ar úinéireacht scaireanna an iarratasóra chuig [*faoi rún*] agus, go háirithe, ar tugadh an t-aistriú sin chun críche sular glacadh na bearta sriantacha i gcoinne an iarratasóra.

158 Ar an gcaoi chéanna, maidir leis an bhfianaise ó Bhanc Náisiúnta na hÚcráine, is fíor gur léir ó Fhoilseán Uimh. 1 de chomhad WK 17621/2022 INIT agus ó Fhoilseán Uimh. 2 de chomhad WK 10555/2023 INIT, eadhon preaseisiúintí na hinstitiúide sin a foilsíodh an 28 Deireadh Fómhair 2022 agus an 20 Iúil 2023 faoi seach, go raibh sealúchas cáilitheach 40.9614 % ag [*faoi rún*][2] in Sense Bank (ar a dtugtaí Alfa Bank Ukraine roimhe seo, a bhí faoi úinéireacht ABH Holdings) tar éis aistriú líomhnaithe airbheartaithe na scairshealbh sa chuideachta sin atá i seilbh an iarratasóra agus scairshealbhóir eile. É sin ráite, luaitear sna preaseisiúintí sin ón mbanc náisiúnta sin freisin go ndearnadh na scairshealbha sin a fháil gan réamhúdarú a fháil. Thairis sin, is léir ó litir ón mbanc náisiúnta sin an 5 Meitheamh 2023, a seoladh chuig an gCoimisiún (Foilseán Uimh. 1 de chomhad WK 10555/2023 INIT), nach mór a mheas, i gcomhréir le dlí na hÚcráine, go bhfuil an comhaontú lena n-údaraítear do [*faoi rún*] scairsheilbh shuntasach a fháil in Sense Bank ar neamhní go hiomlán.

159 Maidir leis an gcinneadh ó Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 15 Aibreán 2022, a ghabhann leis an bhfreagra (Iarscríbhinn C.3 a ghabhann leis an bhfreagra), ní mór a thabhairt faoi deara, i mír 1 den chuid oibríochtúil den chinneadh sin, go measann an institiúid sin go raibh scairsheilbh shuntasach faighte ag [*faoi rún*] in Sense Bank de shárú ar dhlí na hÚcráine, lena gceanglaítear, i bprionsabal, ar aon duine a bhfuil sé ar intinn aige scairsheilbh shuntasach a fháil in institiúid airgeadais de chuid na hÚcráine an banc náisiúnta sin a chur ar an eolas roimh ré agus fanacht

[2] Sonraí rúnda fágtha ar lár.

lena réamhúdarú. Thairis sin, ní luaitear go sainráite sa chuid oibríochtúil ná sna forais leis an gcinneadh sin go bhfuair [*faoi rún*] úinéireacht ar scairshealbha an iarratasóra in ABH Holdings an 14 Márta 2022. Dá bhrí sin, maidir le sócmhainní na cuideachta sin a bhí lonnaithe san Úcráin, níor chinn an banc náisiúnta sin ach go ndearnadh an t-aistriú sin de shárú ar dhlí baincéireachta na hÚcráine.

160 Leanann sé nach féidir le cinneadh Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 15 Aibreán 2022 a léiriú gur aistríodh úinéireacht scairshealbha an iarratasóra in ABH Holdings chuig [*faoi rún*] roimh an 15 Márta 2022.

161 Ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir leis an bhfianaise eile a thug an t-iarratasóir ar aird a léiriú gur aistríodh úinéireacht a scairshealbh in ABH Holdings chuig [*faoi rún*] roimh an 15 Márta 2022.

162 Maidir leis an deimhniú arna tharraingt suas ag iniúchóirí ABH Holdings (Iarscríbhinn A.30 a ghabhann leis an iarratas) agus an deimhniú arna tharraingt suas ag gnólacht dlí na cuideachta sin (Iarscríbhinn A.25 a ghabhann leis an iarratas), ba cheart a thabhairt faoi deara nach léiríonn aon cheann de na deimhnithe sin go soiléir go raibh aistriú úinéireacht scairshealbha an iarratasóra sa chuideachta sin iarbhír roimh an dáta sin. Ar thaobh amháin, luaitear sa chéad cheann de na deimhnithe sin ‘i mí an Mhárta 2022 dhíol an t-iarratasóir a scaireanna uile agus ní raibh sé ina scairshealbhóir [sa chuideachta atá i gceist] a thuilleadh’, gan dáta sonrach aistriú iarbhír na scaireanna a léiriú go sainráite. Ar an taobh eile, ní bhunaítear leis an dara ceann de na deimhnithe sin ach go bhfuil saoirse vótála ag na scairshealbhóirí. Is fíor go liostaítear sa deimhniú sin liosta doiciméad lena n-áirítear, *inter alia*, na doiciméid idirbheartaíochta a bhaineann le leasanna an iarratasóra sa chuideachta sin a dhíol le [*faoi rún*] an 14 Márta 2022, airteagail chomhlachais na cuideachta atá i gceist, comhaontú scairshealbhóirí, faisnéis maidir leis an gcaidreamh conarthach idir cuideachta den sórt sin agus na daoine ainmnithe, agus gealltanas a tugadh i gcrích an 25 Aibreán 2022 idir an chuideachta chéanna agus [*faoi rún*]. Mar sin féin, in éagmais na ndoiciméad sin, nach bhfuil i gceangal leis an deimhniú, a thabhairt ar aird, ní féidir a chinneadh an raibh an aistriú ar úinéireacht na scairshealbha sin iarbhír roimh an 15 Márta 2022.

163 Maidir le deimhniú an 6 Aibreán 2022 a dhréachtaigh stiúrthóir ABH Holdings (Iarscríbhinn A.30 a ghabhann leis an iarratas), ar dá réir nach raibh aon leas úinéireachta ag an iarratasóir a thuilleadh ó díoladh a scairshealbha sa chuideachta sin le tríú páirtí a líomhnaítear an 14 Márta 2022, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 95 thuas, nach mór luach cruthúnais an ráitis sin, a thagann ó stiúrthóir na cuideachta sin ina raibh an t-iarratasóir ina scairshealbhóir, a chur i bpeirspictíocht (breithiúnas an 15 Samhain 2023, *OT* v *an Chomhairle*, T-193/22, EU:T:2023:716, mír 153). Dá réir sin, in éagmais fianaise eile chun tacú le dearbhú den sórt sin, ní féidir leis an ráiteas sin ann féin a léiriú go raibh aistriú úinéireacht na scairshealbh sin iarbhír ón 14 Márta 2022.

164 Maidir leis an sliocht as clár úinéirí tairbhiúla iarbhír ABH Holdings arna tharraingt suas ag Luxembourg Business Register, beag beann ar iontaofacht an doiciméid sin, nach bhfuil sínithe ag an mbainisteoir, ba cheart a thabhairt faoi deara go luaitear dáta an 22 Márta 2022 mar dháta an leasaithe dheireanaigh, is é sin le rá seachtain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na mbeart lena ndéantar cistí an iarratasóra a reo. In imthosca an cháis seo, arb iad is príomhthréith dóibh aistrithe suntasacha scairshealbh a líomhnaítear a rinneadh an lá roimh theacht i bhfeidhm na mbeart sin (féach mír 135 thuas), ní leor an sliocht sin chun a léiriú go ndearna an t-iarratasóir

aistriú iarbhír ar úinéireacht a scairshealbh sa chuideachta sin sular reodh a chistí. Ar na cúiseanna céanna leo siúd a leagtar amach i mír 151 thuas, níl an sliocht sin in ann a léiriú go raibh aistriú úinéireacht na scairshealbh sin iarbhír roimh an 15 Márta 2022.

165 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, i bhfianaise a ghaire atá an sannadh airbheartaithe don dáta a liostaítear ainm an iarratasóra ar na liostaí atá i gceist, nach leor ann féin conradh díolacháin roimh an 15 Márta 2022 a thabhairt ar aird chun aistriú iarbhír úinéireacht scairshealbha an iarratasóra in ABH Holdings roimh theacht i bhfeidhm na mbeart reoite cistí a léiriú. Ar thaobh amháin, chun a mheas go raibh an t-aistriú úinéireachta comhsheasmhach le dlí an Aontais, ní mór a léiriú gur tugadh chun críche é roimh theacht i bhfeidhm na mbeart sin i gcomhréir le rialacha infheidhme an dlí náisiúnta agus leis na forálacha reachtúla is infheidhme. Ar an taobh eile, ós rud é gur admhaigh an t-iarratasóir ag an éisteacht nach raibh íocaíocht phraghas na scairshealbh sin faighte aige fós, is faoin iarratasóir freisin atá sé a léiriú nach raibh forálacha conarthacha an tsannta faoi réir coinníoll foirceanta i gcás neamhíocaíocht an phraghais díola nó i gcás íocaíocht iarchurtha.

166 Dá réir sin, i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 157 go 165 thuas, ní dhearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe agus í ag meas, tráth a glacadh gníomhartha Mheán Fómhair 2023, go raibh an t-iarratasóir ina scairshealbhóir de ABH Holdings.

167 Dá bhrí sin, ós rud é go raibh sé de cheart ag an gComhairle a chinneadh go raibh an t-iarratasóir ina scairshealbhóir de CTF Holdings (féach mír 155 thuas) agus de ABH Holdings (féach mír 166 thuas), ní féidir a mhaoímh go ndearna sí earráid mheasúnaithe agus an t-iarratasóir á aicmiú mar cheann de na scairshealbhóirí is mó i gcuibhreannas Alfa Group tráth ghlacadh ghníomhartha Mheán Fómhair 2023.

168 Níl aon díospóid ann go bhfuil Alfa Bank Russia ar cheann de na bainc gnó tráchtála agus phríobháideacha is mó sa Rúis, go bhfuil AlfaStrakhovanie ar cheann de na cuideachtaí árachais is mó sa Rúis agus go bhfuil X5 Retail Group ar cheann de na cuideachtaí is mó san earnáil miondíola sa Rúis. Is cosúil gur cuideachta infheistíochta é A1 (ar a dtugtaí Alfa-Eco roimhe seo) atá bunaithe sa Rúis.

169 Dá bhrí sin, i bhfianaise a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí chuideachtaí chuibhreannas Alfa Group sa Rúis, bhí an Chomhairle i dteideal, gan earráid mheasúnaithe a dhéanamh, a mheas go raibh an t-iarratasóir ina phríomhdhuine gnó a bhí ag feidhmiú sa Rúis de réir bhrí an chéad chuid de chritéar (g) arna leasú.

170 Níl argóintí eile an iarratasóra in ann amhras a chaitheamh ar an gconclúid sin.

171 Ar an gcéad dul síos, ní féidir go n-éireoidh le hargóint an iarratasóra gur coinníoll riachtanach é feidhm feidhmiúcháin a fheidhmiú chun go measfaí gur ‘príomh[dhuine]’ é de réir bhrí an chéad chuid de chritéar (g) arna leasú. Ós rud é go bhféadfadh sé gur leor scairshealbha chaipitil shuntasacha a shealbhú i gcuideachta thábhachtach amháin nó níos mó chun duine a aicmiú mar phríomhdhuine gnó, ní coinníoll riachtanach é feidhm feidhmiúcháin a fheidhmiú chun duine nádúrtha a aicmiú mar ‘príomh[dhuine]’ gnó (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Samhain 2023, *OT* v *an Chomhairle*, T-193/22, EU:T:2023:716, mír 151). Dá bhrí sin, ní bhaineann sé le hábhar, roinnt blianta sular glacadh na gníomhartha tosaigh, nach raibh feidhm feidhmiúcháin ag an iarratasóir a thuilleadh sna heintitis atá nasctha le cuibhreannas Alfa Group.

172 Ar an dara dul síos, is gá freisin argóint an iarratasóra a dhíbhe nach raibh sé ag feidhmiú sa Rúis ar an bhforas gur léir ón gcásdlí maidir le CBL nár leor sealbhú scaireanna amháin, bíodh sé iarbhír nó ceaptha, chun déanamh 'gníomhaíochta eacnamaíche' ann féin a mheas. Is leor a mheabhrú go mbaineann an coincheap 'gníomhaíocht eacnamaíoch' in ábhair CBL le comhthéacs dlíthiúil difriúil ó chomhthéacs dlíthiúil an chritéir (g) arna leasú, a dtagraíonn an chéad chuid de do phríomhdhaoine gnó 'atá ag feidhmiú sa Rúis' (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2023, *OT* v *an Chomhairle*, T-286/23, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:606, mír 92).

173 Ar an tríú dul síos, is gá argóint an iarratasóra a dhíbhe nár cumhdaíodh é leis an toimhde idirspleáchais idir príomhdhaoine gnó agus Rialtas na Rúise ar an bhforas nár bhain sé le catagóir na ndaoine gnó a bhfuil nasc acu le Vladimir Putin agus nach bhfuair aon cheann dá chuideachtaí cóir fhabhrach ó na húdaráis phoiblí. I ndáil leis sin, ar dtús, ní mór a chur in iúl gurb é an t-aon chuspóir a bhí leis an gcéad chuid de chritéar (g) arna leasú ná critéar oibiachtúil, neamhspleách agus leordhóthanach a bhunú chun údar a thabhairt le hainmneacha daoine áirithe a liostú ar na liostaí atá i gceist, lena gceanglaítear ar an gComhairle fianaise ar dhá gné charnacha a thabhairt ar aird, eadhon, ar thaobh amháin, gur príomhdhuine gnó é an duine lena mbaineann agus, ar an taobh eile, go bhfuil an duine sin ag feidhmiú sa Rúis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an iarratasóir a áitiú gur suíodh toimhde leis an gcéad chuid sin (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 9 Iúil 2020, *Haswani* v *an Chomhairle*, C-241/19 P, EU:C:2020:545, mír 79 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ina dhiaidh sin, mar a tugadh faoi deara i mír 124 thuas, chun údar a thabhairt leis an liostú sin ar bhonn na gné sin, níl sé riachtanach fianaise a thabhairt ar aird maidir le nasc idir an t-iarratasóir agus réimeas na Rúise, ná fianaise ar thacaíocht don réimeas sin ná tairbhe a eascraíonn as. Dá bhrí sin, chun an chéad chuid sin a chur i bhfeidhm, ní bhaineann sé le hábhar an bhfuil an t-iarratasóir gar do Vladimir Putin a bhfuil nasc aige le KGB nó le líonra Chathair Pheadair, an bhfuil sé feidhmeach in earnálacha atá faoi rialú an Stáit nó ar bhain sé tairbhe de chonarthaí poiblí, de bhuntáistí cánach nó de chóir speisialta. Is amhlaidh atá i gcás nach raibh aon aire de chuid Rialtas na Rúise ná iontaobhaí pearsanta ar bhord stiúrthóirí ag aon cheann dá chuideachtaí.

174 Ar an gceathrú dul síos, a mhéid a fhéachann an t-iarratasóir lena áitiú go ndearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe ar an bhforas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach ag cuibhreannas Alfa Group, agus mar thoradh air sin nach féidir a bheith ina scairshealbhóir de, ní féidir go n-éireoidh leis an argóint sin. Is féidir le stádas mar scairshealbhóir sa chuibhreannas sin na gnóthais uile atá mar chuid den chuibhreannas sin a chumhdach (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2024, *OT* v *an Chomhairle*, T-286/23, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:606, mír 116). Thairis sin, mar is léir ó Fhoilseán Uimh. 2 de chomhad WK 10524/2023 REV 1, eadhon leathanach ar shuíomh gréasáin AlfaStrakhovanie, cuireann an chuideachta sin í féin i láthair mar chuideachta a bhaineann le 'Cuibhreannas Airgeadais agus Tionsclaíoch Alfa Group'.

175 Leanann sé ón méid sin roimhe seo nár léirigh an t-iarratasóir go ndearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe trína ainm a liostú ar na liostaí atá i gceist, trí ghníomhartha Mheán Fómhair 2023 a ghlacadh, ar bhonn an chéad chuid de chritéar (g) arna leasú.

176 Sa dara háit, ar mhaithe le hiomláine, ba cheart a thabhairt faoi deara, murab ionann agus Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145 ina leagan tosaigh mar thoradh ar Chinneadh 2022/329 agus an chéad chuid de chritéar (g) arna leasú, ina dtagraítear go sonrach do 'príomhdhaoine gnó', go leathnaítear leis an tríú cuid de chritéar (g) arna leasú raon feidhme *rationae personae* na mbeart sriantach gan ceangal a chur ar dhaoine gnó a bheith ina 'príomh[dhuine]' a thuilleadh.

177 Ní mór a chur in iúl, i bhfianaise na gcuspóirí atá á saothrú ag an gComhairle, a mheabhraítear in aithris 4 de Chinneadh 2023/1094, arb é atá i gceist leo an brú is mó is féidir a chur ar údaráis na Rúise deireadh a chur lena ngníomhaíochtaí agus lena mbeartais lena ndéantar an Úcráin a dhíchobhsú, nach dtagraíonn an coincheap 'daoine gnó' ach do dhaoine nádúrtha a bhíonn ag déanamh gníomhaíocht eacnamaíoch atá suntasach ó thaobh cáilíochta nó cainníochta de in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise agus ar dócha, dá bhrí sin, go méadófaí liostú a n-ainmneacha ar na liostaí atá i gceist costas ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise atá dírithe ar an mbonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus, dá bhrí sin, go méadófar an brú ar Chónaidhm na Rúise atá freagrach as ionradh na hÚcráine (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Eanáir 2025, *Vinokurov* v *an Chomhairle*, T-1106/23, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2025:106, mír 48).

178 Thairis sin, maidir leis na hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, is léir go soiléir ó fhoclaíocht an tríú cuid de chritéar (g) arna leasú gurb í an earnáil eacnamaíoch seachas an duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil a ainm liostaithe ar na liostaí atá i gceist nach mór foinse shuntasach ioncaim a sholáthar do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Is fíor nach sainmhínítear an coincheap 'foinse shuntasach ioncaim' le Cinneadh 2014/145, arna leasú. É sin ráite, is amhlaidh fós go gciallaíonn úsáid na haidiachta 'suntasach', maidir leis an ngrúpa ainmniúil 'foinse ioncaim', nach mór an fhoinse ioncaim sin a bheith mór agus, dá bhrí sin, a bheith suntasach (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Eanáir 2025, *Vinokurov* v *an Chomhairle*, T-1106/23, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2025:106, mír 49).

179 Sa chás seo, aithníonn an t-iarratasóir, tráth ghlacadh ghníomhartha Mheán Fómhair 2023, go raibh sé fós ina scairshealbhóir de Rosvodokanal. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i ndoiciméad cur i láthair chuibhreannas Alfa Group (Iarscríbhinn B.2 a ghabhann leis an gcosaint), go ndéantar cur síos ar an gcuideachta sin mar cheann de na hoibreoirí príobháideacha is mó sa Rúis i réimse an tsoláthair uisce agus cóireála fuíolluisce a sholáthraíonn seirbhísí do thart ar 5 mhilliún custaiméir, atá ag feidhmiú i seacht gcathair Rúiseacha agus a fhostaíonn thart ar 10 000 duine. Thairis sin, mar is léir ó Fhoilseán Uimh. 2 de chomhad fianaise WK 10524/2023 REV 1, luaitear Rosvodokanal mar chuideachta a bhaineann leis an gcuibhreannas sin.

180 Dá bhrí sin, ní mór a mheas, mar gheall ar a stádas mar scairshealbhóir de Rosvodokanal amháin, go ndéanann an t-iarratasóir gníomhaíocht eacnamaíoch atá suntasach ó thaobh cáilíochta nó cainníochta de, agus mar thoradh air sin gur duine gnó é de réir bhrí an tríú cuid de chritéar (g) arna leasú.

181 De réir an chásdlí, déanann earnáil an tsoláthair uisce agus earnáil cóireála fuíolluisce foinse shuntasach ioncaim a sholáthar do Rialtas na Rúise, ós rud é gur ghin Rialtas na Rúise ioncam cánach de níos mó ná 94 bhilliún rúbal Rúiseach (RUB) (thart ar EUR 967 milliún) in 2022 (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2024, *OT* v *an Chomhairle*, T-286/23, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:606, míreanna 126 agus 127).

182 Ní féidir go n-éireoidh le hargóint an iarratasóra, a ardaíodh ag an éisteacht, ag líomhain nach bhfuil sna cánacha a íocann Rosvodokanal ach cuid an-bheag de mhéid iomlán na gcánacha a íocann an earnáil sin. Mar a cuireadh in iúl i mír 178 thuas, is é an t-ioncam a ghineann an earnáil atá ábhartha seachas na cánacha a íocann an duine nó an t-eintiteas lena mbaineann.

183 Leanann sé gur leor an fíoras go raibh an t-iarratasóir ina scairshealbhóir de Rosvodokanal tráth a glacadh gníomhartha Mheán Fómhair 2023 chun go dtiocfadh a staid phearsanta faoin tríú cuid de chritéar (g) arna leasú.

184 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, ní dhearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe agus í ag cinneadh, ar dháta glactha ghníomhartha Mheán Fómhair 2023, go raibh an t-iarratasóir ina phríomhdhuine gnó a bhí ag feidhmiú sa Rúis de réir bhrí an chéad chuid de chritéar (g) arna leasú agus duine gnó a bhí ag feidhmiú in earnáil a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise de réir bhrí an tríú cuid de chritéar (g) arna leasú.

185 De réir an chásdlí, maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht cinnidh lena nglactar bearta sriantacha, agus ag féachaint dá gcineál coisctheach, má mheasann Cúirteanna an Aontais, ar a laghad, go bhfuil ceann amháin de na forais a luaitear mionsonraithe agus sonrach go leor, go bhfuil bunús leis agus gur bunús leordhóthanach é ann féin chun tacú leis an gcinneadh sin, nach féidir leis na forais eile sin a bheith ina údar leis an gcinneadh sin a chur ar neamhní (breithiúnais an 28 Samhain 2013, *an Chomhairle* v *Manufacturing Support & Procurement Kala Naft*, C-348/12 P, EU:C:2013:776, mír 72, agus an 15 Samhain 2023, *OT* v *an Chomhairle*, T-193/22, EU:T:2023:716, mír 186).

186 Dá bhrí sin, gan é a bheith riachtanach scrúdú a dhéanamh ar argóintí eile an iarratasóra lena ndéantar agóid i gcoinne a ainm a choinneáil ar na liostaí atá i gceist ar bhonn chritéar (d), ní mór an chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe nuair a chinn sí ainm an iarratasóra a choinneáil ar na liostaí atá i gceist trí ghníomhartha Mheán Fómhair 2023 a ghlacadh a dhíbhe.

(c) Gníomhartha Mhárta 2024

187 Maíonn an t-iarratasóir, ó mhí an Mhárta 2022, nach scairshealbhóir i gcuibhreannas Alfa Group é a thuilleadh. Áitíonn sé gur dhíol sé a scairshealbha in Alfa Bank Russia, AlfaStrakhovanie Russia agus CTF Holdings.

188 I bhfianaise bhreithiúnais an 10 Aibreán 2024, *Aven* v *an Chomhairle* (T-301/22, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:214) agus an 10 Aibreán 2024, *Fridman* v *an Chomhairle* (T-304/22, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:215), measann an t-iarratasóir gurb ionann a ainm a choinneáil ar na liostaí atá i gceist agus difríocht gan údar sa chaoi a gcaitear lena staid phearsanta agus le staid na n-iarratasóirí sna cásanna as ar eascair na breithiúnais sin.

189 Cuireann an Chomhairle i gcoinne argóintí an iarratasóra.

190 Maidir leis an gcomhthéacs ginearálta lenar tugadh údar le glacadh na mbeart sriantach atá i gceist ag an gComhairle (féach mír 88 thuas), ní mór a lua, ar dháta glactha ghníomhartha Mhárta 2024, gur fhan tromchúis na staide san Úcráin. Ar an gcaoi chéanna, tá údar fós leis na bearta sriantacha i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú, eadhon an brú is mó is féidir a chur ar údaráis na Rúise deireadh a chur lena ngníomhaíochtaí agus lena mbeartais chun an Úcráin agus a fogha míleata a dhíchobhsú, agus an costas a bhaineann le gníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise a mhéadú chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.

191 Maidir le staid phearsanta an iarratasóra, sna forais le liostú le gníomhartha Mhárta 2024, ní dhéantar é a aicmiú a thuilleadh mar ‘cheann de na mór-scairshealbhóirí i gcuibhreannas Alfa Group’, ach mar ‘scairshealbhóir mór i [gcuibhreannas] Alfa Group’. Dá bhrí sin, ní mór a mheas, go bunúsach, gurb ionann na forais sin agus na forais i ngníomhartha mhí Mheán Fómhair 2023.

192 I ndáil leis sin, ní mór a mheas, i gcomhthéacs an nós imeachta athbhreithnithe as ar eascair glacadh ghníomhartha Mhárta 2024, nach raibh an t-iarratasóir ag brath ar aon fhianaise nua chun a léiriú nach raibh sé ina scairshealbhóir mór i gcuibhreannas Alfa Group a thuilleadh.

193 Sa ráiteas modhnaithe, chun a léiriú nach raibh sé ina scairshealbhóir mór i gcuibhreannas Alfa Group a thuilleadh, trí ABH Holdings, thug an t-iarratasóir sliocht ar aird ó chlár úinéirí tairbhiúla iarbhír na cuideachta sin, arna tharraingt suas ag Luxembourg Business Register (Iarscríbhinn E.5 a ghabhann leis an ráiteas sin), atá sínithe ag an mbainisteoir, murab ionann agus an sliocht in Iarscríbhinn A.28.

194 Ar an gcéad dul síos, maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil feidhm ag an gcéad chuid de chritéar (g) arna leasú maidir leis an iarratasóir, ba cheart a thabhairt faoi deara nár thug an t-iarratasóir aon fhianaise nua ar aird chun a léiriú go raibh aistriú úinéireacht a scairshealbh in CTF Holdings iarbhír roimh dháta theacht i bhfeidhm na mbeart sriantach a glacadh ina choinne. Dá bhrí sin, ar na forais chéanna leis na forais a leagtar amach i míreanna 142 go 155 thuas, ní mór a mheas nach ndearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe agus í ag meas go raibh an t-iarratasóir ina scairshealbhóir sa chuideachta sin tráth a glacadh gníomhartha Mhárta 2024.

195 Maidir le sannadh líomhnaithe a scairshealbh in ABH Holdings, ós rud é nach luaitear sa sliocht as clár na n-úinéirí tairbhiúla iarbhír, lena n-áirítear síniú an bhainisteora, an dáta sonrach ar aistríodh na scairshealbha sin chuig an sannaí, ní mór a shealbhú, ar na cúiseanna céanna leo siúd a leagtar amach i míreanna 164 agus 165 thuas, nach leor an sliocht sin chun a léiriú go ndearnadh aistriú iarbhír ar úinéireacht na scairshealbh sin roimh an 15 Márta 2022. Ar an gcaoi chéanna, ós rud é nár chomhlíon an sannaí a oibleagáid íocaíochta, ní mór a léiriú freisin nach raibh na forálacha conarthacha lena rialaítear an sannadh faoi réir coinníoll foirceanta i gcás neamhíocaíocht an phraghais. Dá bhrí sin, ar na forais chéanna leis na forais a leagtar amach i míreanna 157 go 166 thuas, ní mór a mheas nach ndearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe agus í ag meas go raibh an t-iarratasóir ina scairshealbhóir sa chuideachta sin tráth a glacadh gníomhartha Mhárta 2024.

196 Leanann sé go raibh an Chomhairle i dteideal a mheas gur scairshealbhóir mór i gcuibhreannas Alfa Group é an t-iarratasóir tráth a glacadh gníomhartha Mhárta 2024, agus mar thoradh air sin go raibh bunús maith le coinneáil a ainm ar na liostaí atá i gceist ar bhonn an chéad chuid de chritéar (g) arna leasú.

197 In aon chás, ós rud é gur admhaigh an t-iarratasóir ag an éisteacht go raibh sé fós ina scairshealbhóir de Rosvodokanal tráth a glacadh gníomhartha Mhárta 2024, ar na forais chéanna leis na forais a leagtar amach i míreanna 179 go 183 thuas, mar gheall ar a stádas mar scairshealbhóir na cuideachta sin amháin, tá údar lena ainm a choinneáil ar na liostaí atá i gceist ar bhonn an tríú cuid de chritéar (g) arna leasú.

198 Thairis sin, ní féidir leis an iarratasóir a mhaoímh gurb ionann coinneáil a ainm ar na liostaí atá i gceist agus difríocht gan údar sa chaoi a gcaitear le staid Fridman agus Aven mar gheall ar an bhfíoras gur cuireadh na gníomhartha a bhaineann leo ar neamhní le breithiúnais an 10 Aibreán 2024, *Aven* v *an Chomhairle* (T-301/22, nár foilsíodh, faoi achomharc,

EU:T:2024:214), agus an 10 Aibreán 2024, *Fridman* v *an Chomhairle* (T-304/22, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:215). Mar is léir ó fhorais bhreithiúnais an 10 Aibreán 2024, *Aven* v *an Chomhairle* (T-301/22, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:214) agus an 10 Aibreán 2024, *Fridman* v *an Chomhairle* (T-304/22, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:215), ní raibh liostú ainmneacha na n-iarratasóirí faoi seach ar na liostaí atá i gceist sna cásanna as ar eascair na breithiúnais sin, bunaithe ar an gcritéar tosaigh (g), ná ar an gcritéar (g) arna leasú.

199 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, ní dhearna an Chomhairle earráid mheasúnaithe agus í ag meas, ar dháta glactha ghníomhartha Mhárta 2024, go raibh an t-iarratasóir ina phríomhdhuine gnó a bhí ag feidhmiú sa Rúis de réir bhrí an chéad cuid de chritéar (g) arna leasú agus duine gnó a raibh baint aige le hearnáil a sholáthair foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise de réir bhrí an tríú cuid de chritéar (g) arna leasú.

200 De réir an chásdlí, maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht cinnidh lena nglactar bearta sriantacha, agus ag féachaint dá gcineál coisctheach, má mheasann Cúirteanna an Aontais, ar a laghad, go bhfuil ceann amháin de na forais a luaitear mionsonraithe agus sonrach go leor, go bhfuil bunús leis agus gur bunús leordhóthanach é ann féin chun tacú leis an gcinneadh sin, nach féidir leis na forais eile sin a bheith ina údar leis an gcinneadh sin a chur ar neamhní (breithiúnais an 28 Samhain 2013, *an Chomhairle* v *Manufacturing Support & Procurement Kala Naft*, C-348/12 P, EU:C:2013:776, mír 72 agus an 15 Samhain 2023, *OT* v *an Chomhairle*, T-193/22, EU:T:2023:716, mír 186).

201 Dá bhrí sin, gan é a bheith riachtanach scrúdú a dhéanamh ar argóintí eile an iarratasóra lena ndéantar agóid i gcoinne a ainm a choinneáil ar na liostaí atá i gceist ar bhonn chritéar (d), ní mór an chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid mheasúnaithe i nglacadh ghníomhartha Mhárta 2024 a dhíbhe.

202 Dá bhrí sin, ní mór an chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid mheasúnaithe a dhíbhe ina hiomláine.

3. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta

203 Áitíonn an t-iarratasóir go sáraíonn na bearta sriantacha arna nglacadh ina choinne prionsabal na comhréireachta a chumhdaítear in Airteagal 5(4) CAE. Dar leis, ós rud é gur liostaíodh ainm Alfa Bank ar na liostaí atá i gceist le gníomhartha an 13 Márta 2023 dá dtagraítear i mír 12 thuas, bheadh sé míchuí na bearta sriantacha ina choinne a choinneáil ar bun chun na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach. Measann sé, ós rud é nár bhainistigh sé riamh an chuideachta sin atá faoi réir bearta sriantacha, nach bhfuil cónaí air sa Rúis agus nach cáiníocóir é sa tír sin, nach féidir le coinneáil a ainm ar na liostaí atá i gceist na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach, eadhon brú a chur ar chinnteoirí na Rúise. Measann sé freisin, ós rud é nach scairshealbhóir cuideachta é a thuilleadh agus nach bhfuil aon phost bainistíochta ná feidhmiúcháin aige in aon chuideachta, nach bhfuil sé in ann tionchar a bheith aige orthu.

204 Thairis sin, maíonn an t-iarratasóir nach bhfuil na maoluithe éifeachtach ar ar a mbonn is féidir a iarraidh go ndéanfaí cistí áirithe a dhíreo chun freastal ar bhunriachtanais, i bhfianaise na mbacainní a bhíonn air i gcomhthéacs a gcur chun feidhme ag na húdaráis náisiúnta agus maidir le cistí a bheith á gcur ar fáil ag institiúidí airgeadais.

205 Ina theannta sin, measann an t-iarratasóir, i bhfianaise phleananna an Choimisiúin rialacha a ghlacadh lena bhféadfar maoin reoite a choigistiú agus a urghabháil, nach féidir a mheas a thuilleadh gur de chineál sealadach, réamhchúraim agus coisctheach iad na bearta sriantacha.

206 Déanann an t-iarratasóir gearán freisin toisc gur theip ar an gComhairle measúnú tionchair a dhéanamh ar na bearta sriantacha chun a chinneadh ar rannchuidigh siad go hiarbhír leis na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach. Measann sé nár baineadh amach cuspóirí na mbeart sriantach sa chás seo ó cailleadh an cogadh.

207 Cuireann an Chomhairle i gcoinne argóintí an iarratasóra.

208 Ní mór a mheabhrú go gceanglaítear le prionsabal na comhréireachta, atá ar cheann de phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus atá atáirgthe in Airteagal 5(4) CAE, nach mór bearta a chuirtear chun feidhme trí fhorálacha dhlí an Aontais a bheith de chineál a fhágfaidh go bhféadfar na cuspóirí dlisteanacha a shaothraítear leis an reachtaíocht lena mbaineann a bhaint amach agus nach rachaidh siad thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach (breithiúnais an 15 Samhain 2012, *Al-Aqsa* v *an Chomhairle* agus *an Ísiltír* v *Al-Aqsa*, C-539/10 P agus C-550/10 P, EU:C:2012:711, mír 122, agus an 1 Meitheamh 2022, *Prigozhin* v *an Chomhairle*, T-723/20, nár foilsíodh, EU:T:2022:317, mír 133).

209 Sonraítear sa chásdlí i ndáil leis sin, maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar chomhlíonadh phrionsabal na comhréireachta, nach mór lánrogha leathan a thabhairt do reachtas an Aontais i réimsí a bhaineann le roghanna polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta dá chuid agus ina n-iarrtar air measúnuithe casta a dhéanamh. Dá réir sin, ní féidir difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht birt arna ghlacadh sna réimsí sin ach amháin más léir go bhfuil an beart míchuí go follasach ag féachaint don chuspóir atá an institiúid inniúil ag iarraidh a shaothrú (féach breithiúnas an 30 Samhain 2016, *Rotenberg* v *an Chomhairle*, T-720/14, EU:T:2016:689, mír 179 agus an cásdlí dá dtagraítear).

210 Sa chás seo, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcomhlíonann na bearta sriantacha atá i gceist cuspóir leasa ghinearálta, a n-aithníonn an tAontas Eorpach mar sin, a d'fhéadfadh údar a thabhairt le hiarmhairtí diúltacha, fiú iarmhairtí de chineál substaintiúil, d'oibreoirí áirithe (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 150). Tá siad ceaptha brú a chur ar údaráis na Rúise deireadh a chur lena ngníomhaíochtaí agus lena mbeartais i ndíchobhsú na hÚcráine. Go háirithe, trí bhearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne príomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa Rúis agus daoine gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, féachann an Chomhairle, ar thaobh amháin, le leas a bhaint as an tionchar is dócha a bheidh ag na daoine sin ar réimeas na Rúise trí bhrú a chur orthu a bheartas a athrú agus, ar an taobh eile, costas ghníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise a mhéadú chun an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Dá bhrí sin, dealraíonn sé go bhfuil an tAontas ag iarraidh ioncam Stát na Rúise a laghdú agus brú a chur ar Rialtas na Rúise leis an aidhm a chumas chun gníomhaíochtaí an Stáit sin a mhaoiniú a theorannú, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí sin, chun cobhsaíocht Eorpach agus dhomhanda a chaomhnú. Is cuspóir é sin a thagann faoi raon feidhme na gcuspóirí sin a shaothraítear i gcomhthéacs an chomhbheartais eachtraigh agus slándála agus dá dtagraítear in Airteagal 21(2)(c) CAE, amhail an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú.

211 Dá bhrí sin, ní mór a mheas nach bhfuil na bearta sriantacha a glacadh i gcoinne an iarratasóra míchuí go follasach i ndáil leis na cuspóirí atá á saothrú. Ní féidir amhras a chaitheamh ar an gcinneadh sin toisc gur cuireadh ainm Alfa Bank leis na liostaí atá i gceist. Ós rud é go dtagann an t-iarratasóir faoin gcéad agus faoin tríú cuid de chritéar (g) arna leasú, ní chiallaíonn an fhíric amháin go bhfuil eintiteas lena mbaineann sé faoi réir bearta sriantacha freisin go bhfuil na bearta atá dírithe air go follasach míchuí chun na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach, ós rud é nach féidir a chistí pearsanta a mheascadh le cistí na cuideachta sin. Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil cuibhreannas Alfa Group teoranta don chuideachta sin, ach go n-áirítear ann freisin AlfaStrakhovanie, X5 Retail Group, A1 agus Rosvodokanal.

212 Maidir le riachtanais na mbeart sriantach atá i gceist, ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir na cuspóirí atá á saothrú, dá dtagraítear i mír 210 thuas, a bhaint amach le bearta malartacha nach bhfuil chomh sriantach céanna, amhail córas réamhúdaraithe nó oibleagáid chun údar a thabhairt *a posteriori* le húsáid na gcistí arna n-aistriú (féach, chuige sin, breithiúnas an 30 Samhain 2016, *Rotenberg* v *an Chomhairle*, T-720/14, EU:T:2016:689, mír 182 agus an cásdlí dá dtagraítear).

213 I ndáil leis sin, a mhéid a áitíonn an t-iarratasóir go bhféadfadh liostú ainm Alfa Bank ar na liostaí atá i gceist a bheith ina bheart malartach nach bhfuil chomh sriantach céanna agus atá in ann na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach ar bhealach éifeachtach, ní mór argóint den sórt sin a dhíbhe. Tá sócmhainní an iarratasóra éagsúil le sócmhainní na cuideachta sin agus níl siad teoranta do na sócmhainní atá i seilbh na hinstitiúide airgeadais sin amháin.

214 Thairis sin, ba cheart a mheabhrú gur srianta sealadacha agus inchúlaithe iad bearta sriantacha agus go bhforáiltear do mhaoluithe orthu.

215 Ní féidir leis an iarratasóir amhras a chaitheamh ar an gcinneadh sin trína mhaoímh go bhfuil deacrachtaí aige na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 2(3) agus (4) de Chinneadh 2014/145, arna leasú, agus in Airteagal 4(1), Airteagal 5(1) agus Airteagal 6(1) de Rialachán Uimh. 269/2014 a chur chun feidhme. I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, de réir cásdlí socair, gur faoi na cúirteanna náisiúnta inniúla amháin atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar bhailíocht na mbeart náisiúnta lena gcuirtear gníomhartha an Aontais chun feidhme (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Iúil 1996, *Branco* v *an Coimisiún*, T-271/94, EU:T:1996:103, mír 53, agus an 14 Aibreán 2016, *Ben Ali* v *an Chomhairle*, T-200/14, nár foilsíodh, EU:T:2016:216, mír 268). Dá réir sin, i gcás ina mbíonn deacrachtaí ag na cúirteanna náisiúnta na maoluithe thuasluaite a léiriú, is féidir leo tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú ar bhonn Airteagal 267 CFAE. Ar an gcaoi chéanna, níl dlínse ag an gCúirt Ghinearálta, faoi Airteagal 263 CFAE, díospóidí a éisteacht idir an t-iarratasóir agus na hinstitiúidí airgeadais nach gcuireann cistí ar fáil dó fiú nuair atá údarú deonaithe ag an údarás náisiúnta inniúil.

216 Ní chaitheann cineál sealadach agus inchúlaithe na mbeart sriantach amhras ar phlean an Choimisiúin sócmhainní reoite a choigistiú. Mar a chuireann an Chomhairle in iúl, leis an reachtaíocht a bhí i bhfeidhm tráth a glacadh gníomhartha Mheán Fómhair 2023 agus Mhárta 2024, ní dhéantar foráil maidir leis an bhféidearthacht cistí na ndaoine a chumhdaítear leis na bearta sriantacha a choigistiú in éagmais aon sárú ar fhorálacha Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear le hAirteagal 15(1) den Rialachán sin do ‘bhearta iomchuí’ chun fáltais sáruithe ar an Rialachán sin a choigistiú. Dá bhrí sin, d’fhág an Chomhairle corrlach lánroghnach do na húdaráis náisiúnta maidir le sainmhíniú, cineál agus raon feidhme an choigistithe sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2024, *Timchenko agus Timchenko* v *an Chomhairle*, T-644/22, EU:T:2024:621, mír 104). Ina

theannta sin, ní mór a mheas nach n-éilíonn an t-iarratasóir go raibh coigistiú a chistí i gceist leis na bearta sriantacha a glacadh ina choinne. Dá bhrí sin, níl údar ag an iarratasóir a mhaoímh nach bhfuil na bearta sin sealadach agus inchúlaithe.

217 Leanann sé, sa chás seo, nach bhfuil na míbhuntáistí don iarratasóir díréireach go follasach le tábhacht an chuspóra a shaothraítear leis na gníomhartha atá faoi chonspóid.

218 Ar deireadh, níl údar ag an iarratasóir a mhaoímh nach ndearna an Chomhairle measúnú tionchair ar na bearta sriantacha agus, tráth a glacadh na gníomhartha atá faoi chonspóid, nach raibh údar a thuilleadh leis na bearta sriantacha ina choinne a choinneáil ar bun, ós rud é gur cailleadh an cogadh. Mar is léir ó aithris 3 de Chinneadh 2023/1767 agus ó aithris 4 de Chinneadh 2024/847, lean cogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar aghaidh an tráth sin, rud a thug údar le síneadh 6 mhí a chur leis na bearta sriantacha. Thairis sin, murab ionann agus an méid a mhaíonn sé, rinneadh athbhreithniú tréimhsiúil ar a staid phearsanta, rud a thug ar an gComhairle na bearta sriantacha ina choinne a choinneáil. Mar is léir ón scrúdú ar an gcéad saincheist dlí, bhunaigh an Chomhairle go bailí gur tháinig an t-iarratasóir faoi na catagóirí daoine dá dtagraítear sa chéad agus sa tríú cuid de chritéar (g) arna leasú.

219 Is léir ó na breithnithe roimhe seo nach mór an dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta a dhíbhe.

220 Dá bhrí sin, ní mór an chaingean a dhíbhe ina hiomláine.

V. Costais

221 Faoi Airteagal 134(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis. Ós rud é nár éirigh leis an iarratasóir, ní mór a ordú dó a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gComhairle a íoc, i gcomhréir leis an ordú atá á lorg ag an gComhairle.

Ar na forais sin,

dearbhaíonn agus rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Chéad Dlísheomra Méadaithe)

mar seo a leanas:

1. Díbhtear an chaingean.

2. Ordaítear do OT na costais a íoc.

Mastroianni Brkan Gâlea

Tóth Kalėda

Arna thabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg, an 23 Iúil 2025.

Sínithe

Clár

I. Cúlra na díospóide . . . 2

II. Fíorais i ndiaidh thionscnamh na caingne . . . 6

III. An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe . . . 7

IV. An dlí lena mbaineann . . . 7

A. Dlínse na Cúirte Ginearálta dara cuntar éilimh an iarratasóra a éisteacht . . . 7

B. Substaint . . . 8

1. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar chearta na cosanta agus ar an gceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil . . . 8

(a) Gníomhartha Mheán Fómhair 2023 . . . 8

(b) Gníomhartha Mhárta 2024 . . . 13

2. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid mheasúnaithe . . . 14

(a) Réamhbharúlacha . . . 14

(b) Gníomhartha Mheán Fómhair 2023 . . . 16

(1) Iontaofacht na fianaise . . . 16

(2) Cur i bhfeidhm an chéad agus an tríú cuid de chritéar (g) arna leasú, maidir leis an iarratasóir . . . 18

(c) Gníomhartha Mhárta 2024 . . . 31

3. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta . . . 33

V. Costais . . . 36